An Coimisiún Eorpach

**An tSeachtain Eorpach um scileanna gairme**

# AN BHILEOG EOLAIS UM CHAIDREAMH LEIS NA MEÁIN

**Is é atá mar aidhm leis an mbileog eolais seo cabhrú leat na himeachtaí atá á reáchtáil agat don tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme a chur chun cinn trí chainéil meáin éagsúla.** Uirlis chumhachtach í na meáin chun d'imeacht a chur chun cinn agus daoine a spreagadh chun freastal ar d'imeacht. Is féidir an bhileog eolais a úsáid freisin chun cur le próifíl d'eagraíochta agus an tuiscint atá ag daoine ar ghairmoideachas agus ar ghairmoiliúint i do thír féin a athrú.

## CONAS AIRD NA MEÁN A THARRAINGT AR D'IMEACHTAÍ?

### Lean an seicliosta simplí seo chun aird na meán a tharraingt ar d'imeacht:

- Déan cinneadh maidir leis na meáin ar mhaith leat dul i dteagmháil leo
- Cuirfear teimpléad preaseisiúna ar fáil ar an láithreán gréasáin. Is féidir leat an teimpléad a oiriúnú tríd an bhfaisnéis faoi d'imeacht féin a chur san áireamh
- Bailigh faisnéis, grianghraif, athfhriotail, físghrafaicí ar féidir iad a fhoilsiú
- Féach ar líne le haghaidh sonraí teagmhála iriseoirí atá ag obair ar chláir nuachta áitiúla nó le haghaidh nuachtáin áitiúla
- Seol an phreaseisiúint agus na grianghraif trí r-phost chuig do theagmhálaithe sna meáin (le sonraí teagmhála agus eolas faoi agallaimh a d'fhéadfaí a dhéanamh)
- Ina dhiaidh sin, glaoigh ar na meáin ar dóigh leat go mbeidh an tionchar is mó acu
- Más rud é go mbeidh iriseoirí ag freastal ar d'imeacht, bí ansin chun fáilte a chur rompu ar an lá agus cuir in aithne daoine spéisiúla iad

### CÉ HIAD NA MEÁIN AR CHEART DUIT TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LEO?

- Nuachtáin, láithreáin ghréasáin, blaganna áitiúla
- Liostaí imeachtaí
- Nuachtáin náisiúnta
- Sainfhoilseacháin
- Raidió agus Teilifís

Is é liosta teagmhála maith an chéad chéim chomh fada is a bhaineann le haird na meán a tharraingt ar d'imeacht. Is smaoineamh maith é i gcónaí d'imeacht a áireamh i liostaí imeachtaí agus díriú ar do mheáin áitiúla, mar go mbeidh spéis acu sna scéalta a bhfuil tionchar acu ar an bpobal. Déan do mhachnamh ar na meáin a bhfuil tú ag díriú orthu. Beidh faisnéis theicniúil á lorg ag sainfhoilseacháin, mar shampla, agus tá cláir theilifíse agus raidió níos oiriúnaí le haghaidh imeachtaí níos bríomhaire agus níos neamhghnáiche.

### CONAS IS FÉIDIR DO PHREASEISIÚINT A THABHAIRT CHUN BEOCHTA?

- Grianghraif
- Athfhriotail
- Fíricí agus figiúirí tírshonracha agus Eorpacha faoin ngairmoideachas agus faoin ngairmoiliúint

Is é an bealach is fearr chun faisnéis a sholáthar do na meáin preaseisiúint a sheoladh. Molaimid duit teimpléad preaseisiúna na Seachtaine Eorpaí um Scileanna Gairme a úsáid. Chomh fada is a bhaineann leis na meáin agus nuachtáin áitiúla, d'fhéadfá an phreaseisiúint a sheoladh thart ar choicís roimh ré, agus meabhrúchán a sheoladh lá nó dhó roimh an t-imeacht. Chomh fada is a bhaineann le sainfhoilseacháin, d'fhéadfá an phreaseisiúint a sheoladh níos luaithe. Deis a bheidh i nglao teileafóin ina dhiaidh sin aird a tharraingt ar do scéal.

**Táimid sásta cabhrú leat le haon cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith agat faoi na meáin.**

**Déan teagmháil linn: R-phost: info@vocationalskillsweek.eu**

**Teileafón: +44 (0)207 444 4264**

**Láithreán gréasáin: ec.europa.eu/vocational-skills-week**

#DiscoverYourTalent

*Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú*

#EUVocationalSkills